# Oibreacha Incháilithe

## Cén cineál oibreacha a gcuirfear maoiniú leo?

Beartaítear leis an Scéim seo maoiniú a thabhairt le haghaidh deisiú agus cothabháil chuí de struchtúir stairiúla le hoibreacha:

- Atá báúil do charachtar agus do shainábhar spéise an struchtúir
- Atá ar chaighdeán a thagann leis na mionsonraí, ábhair agus teicnící stairiúla.

D'fhéadfaí oibreacha a mhaoiniú a chuirfeadh le héifeachtúlacht fuinnimh d'fhoirgneamh stairiúil.

## Cén cineál oibreacha nach gcuirfear maoiniú leo?

Ní féidir úsáid a bhaint as an Scéim chun na cineálacha oibreacha seo thíos a mhaoiniú:

- Gnáth-chothabháil agus mion-deisiú
- Athruithe agus feabhsuithe (ach amháin oibreacha ceadaithe chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú)
- Scartáil (ach amháin nuair is cuid de thionscadal ceadaithe a dhéanann díchóimeáil chúramach roimh aischur)
- Oibreacha i ndáil le hatógáil thuairimeach nuair nach bhfuil fianaise shlán ann, fisiceach ná doiciméadach, den staid níos luaithe ina raibh an struchtúr nó an pháirt

Tá tuilleadh eolais maidir le hoibreacha incháilithe ar fáil i gCiorclán BHJLS 13/1.

## Chun teacht ar thuilleadh faisnéise

Tá an Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha faoi riar na n-údarás áitiúil. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ina n-áirítear ciorclán a thugann sonraí na Scéime (BHJLS 13/1), mar aon le foirmeacha iarratais, ag suíomh gréasáin gach údaráis áitiúil.

**Ba cheart d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an rannóg chuí pleanála nó leis an oifigeach caomhantais ailtireachta ina údarás áitiúil le ceist ar bith faoin Scéim seo.**

Le haghaidh treorach ar phrionsabail chaomhantais um oidhreacht ailtireachta agus tabhairt faoi oibreacha d'fhoirgnimh stairiúla, déan tagairt le do thoil do cháipéisí de chuid *Cosaint don Oidhreacht Ailtireachta—Treoirlínte d'Údaráis Phleanála* arna bhfoilsiú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.


Tugann *Sraith Comhairle* na Roinne treoir maidir leis an tslí is fearr chun deisiú, cothabháil agus athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla. Is féidir na foilseacháin sin a cheannach ó Fhoilseacháin an Rialtais nó ó shiopa leabhar ar bith nó is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne:
http://www.ahg.gov.ie/ie/Foilseachain/FoilseachainOidhreachta/PolasaiumOidhreachtThoghta/

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

# Treoir i ndáil leis an

# Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha

# 2014



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

CCMA
Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
County and City Managers' Association

# Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha 2014

**Cúlra agus cuspóir na Scéime**

Féachann an Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha le hinfheistíocht phríobháideach a spreagadh i roinnt tionscadal mionscála dlúthshaothair chun struchtúir stairiúla a dheisiú agus a chothabháil, chomh maith le tacaíocht a thabhairt maidir le fostaíocht de phroifisiúnaigh chaomhantais, ceardaithe agus saoir, iad oilte agus a bhfuil taithí acu. Tá an Scéim deartha chun cabhrú le húinéirí/áititheoirí de struchtúir atá faoi chosaint. Beidh sí á fheidhmiú i rith 2014 agus í faoi riar na n-údarás áitiúil.

**Cad iad na struchtúir atá incháilithe?**

Is iad seo catagóirí na struchtúr atá incháilithe i gcomhair maoiniú faoin scéim seo:

- **Struchtúir atá faoi chosaint**
- **Struchtúir a bheartaítear a bheith faoi chosaint** (nuair a chuirtear ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint roimh 31 Nollaig 2014 iad)
- Struchtúir a chuireann le carachtar **Limistéar Caomhantais Ailtireachta**

**Cé ar féidir iarratas a chur isteach?**

Ní mór don iarratasóir a bheith mar úinéir nó áititheoir an fhoirgnimh. Sa chás nach é an t-iarratasóir an t-úinéir, beidh fianaise scríofa riachtanach a thaispeánann toiliú an úinéara i gcomhair an tionscadail.

**Cad é an maoiniú atá ar fáil?**

Is é €2,500 an maoiniú is lú faoin Scéim, suas go huasmhéid €15,000. Beidh ar an iarratasóir rathúil meaitseáil iomlán a dhéanamh ar an maoiniú a bhronntar.

**Conas iarratas a dhéanamh**

Tá foirmeacha iarratais agus ciorclán a thugann sonraí mar gheall ar an Scéim (BHJLS 13/1) ar fáil ar shuíomh gréasáin gach údarás áitiúil nó trí theagmháil a dhéanamh leis an rannóg chuí san údarás áitiúil. Ba cheart d'iarratasóirí ciorclán BHJLS 13/1 a léamh, **Foirm A** a líonadh agus í a chur chuig an údarás áitiúil roimh an spriocdháta fógartha. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh an spriocdháta **an-luath in 2014**. Déanfaidh an t-údarás áitiúil measúnú ar na hiarratais ar fad a gheofar agus eiseoidh sé fógraí maidir le ceadú sealadach de roinnt tionscadal. D'fhéadfadh go mbeadh ar iarratasóirí rathúla **ráiteas modha** mionsonraithe a ullmhú faoi chineál agus faoi scála na n-oibreacha atá beartaithe. Má fhaomhann an t-údarás áitiúil é, is ansin a dhéanfar tairiscint dhaingean maoinithe.

**Ní féidir meas a dhéanamh i leith maoiniú d'aon tionscadal má tá tús curtha le hoibreacha ábhartha cheana féin.**

**Toiliú reachtúil**

Tá an dualgas ar an iarratasóir a chinntiú go bhfaightear na ceadanna reachtúla agus/nó aon toiliú reachtúil atá riachtanach roimh thosú leis na hoibreacha. Áirítear leis sin cead pleanála nó, i gcás struchtúr nó suíomhanna atá faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, fógra nó toiliú an Aire, mar is cuí.

**Conas a dhéanfar measúnú ar na hiarratais?**

Déanfaidh an t-údarás áitiúil measúnú ar na hiarratais bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- **Tábhacht an struchtúir:**

Gach struchtúr atá faoi chosaint, struchtúir a bheartaítear a bheith faoi chosaint agus limistéir chaomhantais ailtireachta a mbíonn sainábhar spéise ag dul leo, faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas: ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta, nó teicniúil.
Is faoin údarás áitiúil é leibhéal tábhachta a shocrú maidir le struchtúr faoi leith a bhfuil oibreacha beartaithe dó.

- **Éifeachtacht na n-oibreacha**:

Ba cheart do na hoibreacha atá beartaithe luach airgid a thaispeáint agus ranníocaíocht shuntasach a dhéanamh i gcomhair deireadh a chur le rioscaí don oidhreacht ailtireachta chomh maith le stop a chur le tuilleadh meatha don struchtúr, ag cinntiú a shaol sa todhchaí dá bharr.

- **Buntáistí fostaíochta:**

Ba cheart luach an phostchruthúcháin a thagann ón tionscadal faoi leith a chur san áireamh, lena n-áireofaí líon iomlán na laethanta fostaíochta a bheidh riachtanach le linn shaol an tionscadail agus na cineálacha post.